C/2025/765

11.2.2025

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Seirbhísí gairmiúla san aistriú glas

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2025/765)

Rapóirtéir: **Violeta JELIĆ**

Comhrapóirtéir: **Gaetano STELLA**

Comhairleoirí	Vladimíra DRBALOVÁ (thar ceann rapóirtéir Ghrúpa I) Alessio D'AMATO (thar ceann chomhrapóirtéir Ghrúpa III)
Cinneadh ón Tionól Iomlánach	18.1.2024
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
An rannóg atá freagrach	An Coimisiún Comhairleach um Athruithe Tionsclaíocha
Dáta a glactha sa rannóg	5.11.2024
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	4.12.2024
Seisiún iomlánach Uimh.	592
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	197/0/5

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Is díol sásaimh do CESE an gealltanas ón gCoimisiún Eorpach, a cuireadh in iúl i dtreoirlínte polaitiúla nua 2024-2029, go gcruthóidh sé plean le haghaidh rathúnas agus iomaíochas inbhuanaithe na hEorpa. Is plean é sin a bheidh bunaithe ar an gComhaontú nua maidir le Tionsclaíocht Ghlan agus ar mhargadh aonair dea-fheidhmiúil san Aontas, ar nithe iad atá ríthábhachtach le haghaidh aistriú rianúil glas agus digiteach.

1.2. Aithníonn CESE an ról fíorthábhachtach atá ag seirbhísí gairmiúla san aistriú glas, ról atá intuigthe sa Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan agus a bhféadfadh idir dheiseanna agus dúshláin a bheith ag gabháil leis, ó thaobh riachtanais scileanna de go háirithe.

1.3. Iarrann CESE ar institiúidí an Aontais bearta a chruthú do ghnólachtaí chun iad féin a chur in oiriúint do na hathruithe a bhíonn mar thoradh ar phróiseas an-chasta an aistrithe ghlais, chun gnólachtaí a choinneáil san Eoraip agus chun aghaidh a thabhairt ar chuspóirí dúshlánacha inbhuanaitheachta laistigh den Aontas. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar ghnólachtaí teaghlaigh, ar mhicrifhiontair, fiontair bheaga agus mheánmhéide (MFBManna), agus ar chuspóirí iomaíochais a bhaint amach.

1.4. Is cúis imní do CESE go bhféadfadh moill a bheith ar phróiseas an ghlasaithe de bharr ganntanais lucht saothair agus scileanna, mímheaitseálacha scileanna, agus ualaí rialála, riaracháin agus costais atá ag dul i méid, mar aon le dúshláin nua a eascraíonn as athruithe gasta ar shlabhraí soláthair.

1.5. Ní mór an fhís nua i gcomhair Aontas na Scileanna a chur chun feidhme. Ní mór athchóirithe comhsheasmhacha a dhéanamh sna córais oideachais chun curaclaim a chur in oiriúint d'athruithe i saol na hoibre, chun tacú leis na cláir oideachais ábhartha uile (lena n-áirítear ETIM), chun straitéis nua don ghairmoideachas agus don ghairmoiliúint a chur chun feidhme, agus chun tacú le múinteoirí agus chun an comhordú ar leibhéal an Aontais a fheabhsú.

1.6. Ba cheart d'institiúidí an Aontais agus do na Ballstáit aitheantas a thabhairt don ról ríthábhachtach atá ag na seirbhísí gairmiúla – bídís ina seirbhísí rialáilte nó neamhrialáilte – maidir le filleadh uaillmhianach na hEorpa chun rathúnais. Ní mór an méid sin, áfach, a bheith i gcomhréir le cuspóirí comhshaoil agus inbhuanaitheachta agus tacú le forbairt scileanna ar bhealach atá i gcomhar leis na hearnálacha eacnamaíocha, agus struchtúir athraitheacha na slabhraí breisluacha á gcur san áireamh go soiléir.

1.7. Aithníonn CESE freisin gur gá tionscnaimh oideachais a spreagadh ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát araon. D'fhéadfadh dreasachtaí airgeadais sonracha a bheith i gceist leis sin do chúrsaí gairmoideachais agus gairmoiliúna atá dírithe ar sheirbhísí gairmiúla a ghlasú. Rud eile a d'fhéadfaí cuidiú leis sin ná cúrsaí acadúla a chur ar bun ar leibhéal an Aontais chun gairmithe nua a thabhairt isteach nó oiliúint a chur ar an lucht gairmiúil atá ann cheana maidir le cuspóirí inbhuanaitheachta, agus, freisin, chun an t-oiriúnú agus an feabhsú a chur chun cinn maidir leis na scileanna atá ag oibrithe agus na poist atá ann cheana (cláir uas-scilithe agus athscilithe). D'fhéadfadh tionscnaimh den sórt sin scileanna nua a chruthú don aistriú glas agus don aistriú digiteach chomh maith.

1.8. Molann CESE beartais a spriocdhíriú chun tacú le líonrú lucht na seirbhísí gairmiúla d'fhonn scála oibriúcháin na ngníomhaíochtaí gaolmhara a fheabhsú, agus saintréithe sonracha gach Ballstáit á gcur san áireamh i gceart.

1.9. D'fhéadfaí an bhearna scileanna a dhúnadh ach na moltaí thuas a chur chun feidhme agus oiliúint a chur ar ghairmithe oilte laistigh den Eoraip, nó trí ghairmithe ó áiteanna lasmuigh den Aontas a mhealladh trí bhíthin beartas agus tionscnamh (e.g. an tionscnamh dar teideal 'Linn Tallainne', lena bhféadfaí gairmithe ó thríú tíortha a mhealladh agus, ag an am céanna, an margadh le haghaidh ghairmithe an Aontais a leathnú).

1.10. Cuireann CESE béim ar an ról tábhachtach atá ag na comhpháirtithe sóisialta, ag eagraíochtaí seirbhísí gairmiúla agus ag eagraíochtaí ábhartha eile de chuid na sochaí sibhialta i bpróisis aistrithe ghlais a bhfuil rath orthu agus atá cóir.

1.11. Cuireann CESE béim freisin ar dhúshláin eile a bhaineann le soláthar na seirbhísí gairmiúla, lena n-áirítear bacainní ar aitheantas cáilíochtaí; is dúshláin iad sin a gcaithfear deireadh a chur leo ionas gur féidir leas a bhaint as an tsoghluaisteacht ghairmiúil agus dul i ngleic leis na bearnaí scileanna. Molann CESE iarrachtaí gan stad a dhéanamh go dtí go mbainfear é sin amach, lena n-áirítear tuairimí leantacha a dhréachtú maidir leis na saincheisteanna sin.

2. **An comhthéacs polaitiúil**

2.1. Le linn cruinniú urghnách de Chomhairle an Aontais Eorpaigh an 17-18 Aibreán 2024, gheall ceannairí an Aontais go n-ullmhóidís comhaontú nua maidir le hiomaíochas na hEorpa a bheadh fréamhaithe i margadh aonair lán-chomhtháite. Ní mór an comhaontú sin a dhíriú ar bhonn eacnamaíoch, monaraíochta, tionsclaíoch agus teicneolaíoch na hEorpa a fheabhsú, agus ar an gcaoi sin athléimneacht eacnamaíoch agus athnuachan tionsclaíoch, iomaíochas domhanda agus ceannaireacht theicneolaíoch an Aontais, chomh maith lena tharraingtí atá sé mar shuíomh gnó, a dhaingniú. Áirítear bearta sonracha anois i dtreoirlínte polaitiúla nua Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh do 2024-2029, agus is breá soiléir mar a leagtar amach cuspóirí fadtéarmacha an Aontais i dtuarascáil Draghi a foilsíodh le déanaí ([1]).

2.2. **Tar éis go bhfuil an t-aistriú glas faoi lánseoil, tá céimeanna ríthábhachtacha fós le glacadh i roinnt earnálacha**. Go deimhin, tugtar le fios ón bhfianaise go bhfuil laghdú ag teacht le himeacht ama ar roinnt de na tionchair chomhshaoil atá ag gníomhaíochtaí Eorpacha, mar a léirítear le staidreamh um astaíochtaí CO_2 agus um éifeachtúlacht ábhair; mar sin féin, tá céimeanna breise ag teastáil chun aistriú cobhsaí a bhaint amach ([2]).

2.3. Ba cheart díriú go príomha ar an gcreat dlíthiúil atá ann cheana i gcomhair 2030 a chur chun feidhme ar an mbealach is simplí, is cothroime agus is costéifeachtaí is féidir. Mar sin féin, tá roinnt dúshlán agus deiseanna ag baint leis **an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan** a fógraíodh – a bhfuil **an Gníomh um Dhlús a Chur leis an Dícharbónú Tionsclaíoch** ina chrann taca aige – chun tacú le tionscail agus le cuideachtaí le linn na hidirthréimhse.

2.4. **Ní mór earnáil tionsclaíochta a choinneáil san Eoraip** ([3]) **ós í a thabharfaidh na réitigh aeráide dúinn atá de dhíth**. Tá rún daingean ag ceannairí an Aontais oibriú i gcomhar leis na geallsealbhóirí chun beartas tionsclaíoch éifeachtach a fhorbairt agus a chur chun feidhme ([4]). Ar an gcaoi sin, déanfar ár n-earnáil tionsclaíochta a dhícharbónú ar bhealach iomaíoch (rud a laghdóidh ualaí riaracháin agus rialála), cuirfear le hiomaíochas an Aontais i dteicneolaíochtaí digiteacha agus glana, déanfar slabhraí soláthair straitéiseacha a éagsúlú agus a dhaingniú, slabhraí breisluacha a athshuí agus bonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch na hEorpa a neartú.

([1]) Draghi, M., 2024, *Todhchaí iomaíochas na hEorpa*.
([2]) Féach na sonraí atá ar fáil ag: https://ec.europa.eu/eurostat/web/sdi.
([3]) Sínitheoirí Dhearbhú Antuairp. An mbeidh tú linn?
([4]) Conclúidí ón gComhairle Eorpach, 18.4.2024: https://www.consilium.europa.eu/media/m5jlwe0p/euco-conclusions-20240417-18-en.pdf.

2.5. **Tuigtear freisin go bhfuil athruithe earnála ag gabháil leis an aistriú glas agus gur mó ábharthacht a bhaineann leis na hearnálacha earraí agus seirbhísí comhshaoil (an t-éicithionscal) dá bharr**. Tá fianaise ann a léiríonn go bhfuil an fhostaíocht agus an breisluach a bhaineann leis an éicithionscal ag fás níos tapa ná mar atá i ngeilleagar foriomlán an Aontais ([5]), rud a fhágann go bhféadfaí seirbhísí gairmiúla eile teacht i mbláth (e.g. iniúchtaí comhshaoil).

2.6. Thar aon ní eile, ní mór an Comhaontú Glas don Eoraip a bheith cóir agus gach aon riosca agus costas a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis an aistriú aeráide agus an t-aistriú fuinnimh a chur san áireamh. Ní féidir linn aistriú glas cóir a dheimhniú ach amháin trí bhíthin creatlach láidir thionsclaíoch agus idirphlé sóisialta leanúnach idir na comhpháirtithe sóisialta (fostóirí agus oibrithe) ar gach leibhéal, agus an t-idirphlé sin a bheith de chineál láidir agus dea-struchtúrtha. Na heagraíochtaí agus na comhlachais a dhéanann ionadaíocht ar ghairmeacha atá ríthábhachtach chun spriocanna an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh a bhaint amach, ní mór iad a bheith rannpháirteach i bpróiseas an aistrithe.

3. Fíorbheagán dul chun cinn maidir le hathchóirithe struchtúracha san earnáil seirbhísí

3.1. Mar gheall ar an suaitheadh eisceachtúil a tharla i ngeilleagar an Aontais de dheasca phaindéim COVID-19, tá gá le freagairt i ngach réimse chun téarnamh eacnamaíoch rathúil a bhaint amach. **Le hathchóirithe struchtúracha éifeachtacha ar mór an tionchar atá acu ar an earnáil seirbhísí agus le bearta eile nach iad, d'fhéadfaí borradh a chur faoin téarnamh eacnamaíoch agus cabhrú lena chur ar bhonn inbhuanaithe**. Tá ról mór ag seirbhísí i ngeilleagar an Aontais, ní hamháin i dtaca leis an rannchuidiú díreach a dhéanann siad le breisluach agus le fostaíocht, ach i dtaca leis an ról atá acu freisin mar naisc ar fud na slabhraí breisluacha agus an ról ríthábhachtach atá acu in éiceachórais thionsclaíocha ([6]) agus i bhforbairt réiteach glas nuálach.

3.2. **Is spreagadh nua do na seirbhísí gairmiúla é Dearbhú Antuairp** ([7]) **maidir le Comhaontú Tionsclaíochta Eorpach**. Tá géarghá le soiléireacht agus intuarthacht agus ní mór muinín a bheith ag daoine as an Eoraip agus as an mbeartas tionsclaíoch. Éilíonn na sínitheoirí **plean gníomhaíochta cuimsitheach chun tosaíocht straitéiseach a dhéanamh den iomaíochas agus chun dálaí le haghaidh cás gnó níos láidre san Eoraip a chruthú**.

3.3. **Tá ról ríthábhachtach ag na seirbhísí gairmiúla san aistriú fuinnimh agus san aistriú glas**, ós rud é go gcinntítear leo scileanna speisialaithe agus ardchaighdeáin sábháilteachta agus cháilíochta i dtaca le forbairt agus cur chun feidhme teicneolaíochtaí inbhuanaithe. Tá luachanna eiticiúla na seirbhísí sin, a gcuid saineolais agus a dtiomantas don oiliúint leanúnach ríthábhachtach a mhéid a bhaineann le bonneagair éifeachtúla ísealtionchair a dhearadh agus a thógáil; dá chionn sin déantar nuálaíocht agus sláine sna próisis táirgthe a chur chun cinn, cuidítear le gnólachtaí (MFBManna go háirithe) aghaidh a thabhairt ar na dúshláin rialála agus riaracháin a eascraíonn as sainmhíniú nua ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha inbhuanaithe, agus na roghanna maoiniúcháin atá ar fáil le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin a shainaithint.

4. Príomhról na hearnála seirbhíse ó thaobh slabhraí soláthair glasa a thabhairt i gcrích agus slabhraí breisluacha a athshuí

4.1. Sa timpeallacht eacnamaíoch atá san Eoraip faoi láthair, tá athruithe suntasacha le feiceáil ar dhinimic na slabhraí soláthair sa tionscal monaraíochta. Táthar ag dréim leis go mbeidh na hathruithe sin ina gcúnamh le slabhraí breisluacha a athshuí agus go mbeidh siad ina spreagadh leis na slabhraí soláthair sin a thabhairt ar ais chun na hEorpa, agus a lán cuideachtaí ag smaoineamh ar tháirgeadh agus seirbhísí a bhí seachfhoinsithe thar lear roimhe seo i dtíortha nach tíortha den Aontas iad a thabhairt ar ais. Tugann seirbhísí gairmiúla ([8]) an tacaíocht is gá do ghnólachtaí chun dul i ngleic leis na dúshláin sin.

4.2. **Thairis sin, d'fhéadfadh tionchar ar leith a bheith ag an gclaochlú leanúnach ar MFBManna**, i gcás ina mbíonn orthu acmhainneacht a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna comhshaoil agus inbhuanaitheachta mar chuid den aistriú glas, ar oibleagáidí iad sin a ceapadh i gcomhair gnólachtaí móra. A bhuí leis an idirghníomhaíocht sin idir FBManna agus gairmithe, is féidir le gnólachtaí a bheith níos iomaíche, níos nuálaí agus níos athléimní. Is den ríthábhacht é – ar mhaithe leis an aistriú i dtreo todhchaí atá tíosach ar acmhainní – go mbeadh fáil ar fhoinsí cistiúcháin, ar dhreasachtaí/deontais airgeadais, ar chúnamh chun margaí féideartha a aimsiú, agus ar thacaíocht chun táirgí, seirbhísí nó próisis nua a fhorbairt agus le haghaidh margaíochta nó dáileacháin ([9]). Tá na seirbhísí sainchomhairleoireachta glaise sin bunaithe ar shaineolas gairmiúil agus cuireann siad margadh tábhachtach ar fáil do FBManna le haghaidh seirbhísí gairmiúla nua, agus ní mór iad a fhorbairt agus a spreagadh.

([5]) Sonraí 2000-2021 ó Eurostat: https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Environmental_economy_%E2%80%93_statistics_on_employment_and_growth.
([6]) COM (2021) 385 final maidir le breithniú a dhéanamh ar na moltaí um athchóiriú maidir le rialáil seirbhísí gairmiúla agus na moltaí sin a thabhairt cothrom le dáta (níl leagan Gaeilge ar fáil).
([7]) Cruinniú mullaigh tionsclaíoch an Aontais, 20 Feabhra 2024: https://antwerp-declaration.eu/pdf/declaration.pdf.
([8]) Áirítear orthu sin gairmeacha i réimsí áirithe, amhail an tsláinte shóisialta, réimsí teicniúla, réimsí eacnamaíocha/dlíthiúla, agus réimsí trasearnálacha.
([9]) Féach flais-Eorabharaiméadar 498, Márta 2022, ar fáil ag: https://europa.eu/eurobarometer/surveys/detail/2287.

4.3. Nuair a dhéantar dul chun cinn maidir le seirbhísí, bíonn éifeachtaí seach-iarmharta dearfacha suntasacha le brath in earnáil tionsclaíochta an Aontais chomh maith ([10]). Is ó sheirbhísí a ghintear thart ar 38 % den bhreisluach foriomlán atá leabaithe san éileamh ó thionscail mhonaraíochta san Aontas ([11]). Déantar na seirbhísí sin a thrádáil laistigh agus lasmuigh den Aontas chomh maith ([12]), rud a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar chúrsaí fostaíochta agus daoine a chur as a bpost. Ní mór sainiúlachtaí gach Ballstáit a mheas freisin, ós rud é, i gcás gnólachtaí beaga agus micreaghnólachtaí, gur gné ríthábhachtach – chun an t-éileamh a dhéanamh amach – é a chóngaraí atá na soláthraithe seirbhísí gairmiúla. Fágann sé sin gur práinní fós an gá le huas-sciliú agus le hathsciliú atá dírithe ar sholáthraithe seirbhísí gairmiúla beaga.

4.4. Is cosúil ón bhfianaise a tuairiscíodh go bhfuil **deiseanna suntasacha ann do ghairmithe i réimsí teicniúla agus i réimsí dlíthiúla/eacnamaíocha feabhas a chur ar an bhfás agus ar an iomaíochas i dtaca le slabhraí soláthair inbhuanaithe**. Is cuid é sin den bhreisluach (dobhraite) a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil le gairmeacha don aistriú glas. Is féidir le hearnáil na seirbhísí gairmiúla í féin rannchuidiú le hastaíochtaí a laghdú freisin. Laghdódh astaíochtaí faoi thart ar 10 % ach an taisteal ar ghnó a laghdú; laghdóidís faoi 30-40 % ach cumhacht agus teas in-athnuaite a úsáid in oifigí; agus faoi 15 % eile ach modhanna níos glaise iompair a roghnú (breoslaí in-athnuaite, feithiclí leictreacha, etc.) ([13]).

5. Scileanna a fhorbairt don aistriú glas agus don aistriú digiteach

5.1. An ghné fostaíochta agus an ghné scileanna de ghlasú an gheilleagair, is cuid dhílis iad de gach claochlú domhain. De bharr na n-aistrithe sin, is gá dlúthfhaireachán a dhéanamh, cúrsaí a thuar, feasacht a mhúscailt agus an tairiscint oiliúna a oiriúnú. Ní mór aistrithe a éascú freisin agus gníomhú ar an leibhéal áitiúil.

5.2. Leis na cuspóirí uaillmhianacha Eorpacha maidir leis an gcomhshaol agus leis an inbhuanaitheacht, cruthófar gairmeacha nua agus athrófar na gairmeacha atá ann cheana. **Is cinnte go mbeidh tionchar ag an bpróiseas sin ar dhálaí chun seirbhísí gairmiúla a fhorbairt a thuilleadh**. Tá uas-sciliú agus athsciliú, foghlaim ar feadh an tsaoil agus scileanna boga agus ildisciplíneacha ríthábhachtach chun deimhin a dhéanamh de go mbeidh lucht saothair atá oilte go leordhóthanach ar fáil do ghnólachtaí ionas gur féidir leo gníomhú go fónta i leith na riachtanas atá ag teacht chun cinn acu. Ní mór aghaidh a thabhairt ar róil na ngairmithe atá ann cheana agus ar fhorbairt scileanna riachtanacha. Áirítear san athbhreithniú ar an Aicmiú Eorpach maidir le gairmeacha beatha, scileanna, inniúlachtaí agus cáilíochtaí (ESCO) 571 scil ghlasa, scil idirdhisciplíneacha agus coincheap eolais, atá i gcomhréir leis an sainmhíniú ar scileanna glasa atá tugtha ag Cedefop ([14]). Tá gá le hiarrachtaí spriocdhírithe chun 'comhghaol' a chruthú idir na ceanglais inbhuanaitheachta atá ann cheana agus scileanna gairmiúla agus poist ghairmiúla, agus ní gan dua a dhéanfar é sin.

5.3. A bhuí leis an digiteáil, is féidir cur le próifílí reatha na ngairmeacha liobrálacha, an comhar idirdhisciplíneach le gairmeacha eile a neartú agus, má chloítear leis na critéir atá leagtha amach i bhForógra na Róimhe ([15]), gairmeacha nua a spreagadh, mar is dual do chúrsaí a bheith i gcóras síorathraitheach. Ina theannta sin, de thoradh na digiteála, cuirfear le tráchtálú sheirbhísí na ngairmeacha liobrálacha agus déanfar próifílí na ngairmeacha traidisiúnta a athrú ó bhonn. Níos tábhachtaí fós, **is féidir a mheas gur 'aistriú dúbailte' iad an t-aistriú digiteach agus an t-aistriú glas**, toisc go bhfuil siad fite fuaite ina chéile agus gur féidir le ceann díobh an ceann eile a threisiú.

5.4. **Ach cistí an Aontais a úsáid ar bhealach níos éifeachtaí, ar bhealach comhordaithe, agus infheistíocht a dhéanamh san oideachas agus i scileanna** ar an leibhéal náisiúnta ([16]) (mar shampla chun tacú le gníomhaíochtaí faoin **gComhshocrú um Scileanna, in acadaimh scileanna glan-nialasacha agus i gcomhpháirtíochtaí scileanna ar mhórscála**), is féidir cuidiú leis an oideachas agus leis an oiliúint a chur i gcomhréir leis an éileamh ar scileanna. Is den tábhacht é leanúint de ról agus próifíl an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna a neartú i dtaca le hoiliúint a chur ar dhaoine chun scileanna bunúsacha agus scileanna bainistíochta, scileanna trasearnála agus scileanna ETIM a shealbhú go luath ina saol. Ní mór an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint a chur i riocht níos fearr agus a aithint ar bhealach níos fearr mar thiomántóir táirgiúlachta agus nuálaíochta.

([10]) COM(2021) 385 final maidir le breithniú a dhéanamh ar mholtaí 2017 um athchóiriú maidir le rialáil seirbhísí gairmiúla agus na moltaí sin a thabhairt cothrom le dáta (níl leagan Gaeilge ar fáil).

([11]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin – *Annual Single Market Report: Single Market at 30* (níl leagan Gaeilge ann).

([12]) Foinse le haghaidh trádáil lasmuigh den Aontas: https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=EU_international_trade_in_other_business_services. Foinse sonraí le haghaidh ceisteanna atá le breithniú maidir le trádáil laistigh den Aontas: bunaithe ar bhunachar sonraí Eurostat maidir le trádáil idirnáisiúnta earraí. Is iad seo a leanas na catagóirí arna mbreithniú: 'Seirbhísí: Seirbhísí airgeadais'; 'Seirbhísí: Seirbhísí sainchomhairleoireachta gairmiúla agus bainistíochta'; 'Seirbhísí: Seirbhísí teicniúla, seirbhísí a bhaineann le trádáil agus seirbhísí gnó eile', ar fáil ag: https://ec.europa.eu/eurostat/web/international-trade-in-goods/database.

([13]) An Fóram Eacnamaíoch Domhanda, *Net-Zero Challenge: The Supply Chain Opportunity*, Eanáir 2021, lch. 39, ar fáil: https://www.weforum.org/publications/net-zero-challenge-the-supply-chain-opportunity/.

([14]) Cedefop (2012), *Green skills and environmental awareness in vocational education and training [Scileanna glasa agus feasacht chomhshaoil sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint]*, Oifig na bhFoilseachán, Lucsamburg: https://www.cedefop.europa.eu/files/5524_en.pdf. Is féidir an sainmhíniú seo a leanas a thabhairt ar scileanna glasa: 'an t-eolas, na cumais, na luachanna agus na dearcthaí is gá chun maireachtáil i sochaí, chun an tsochaí sin a fhorbairt agus chun tacú léi ionas go laghdófar an tionchar atá ag gníomhaíochtaí an duine ar an gcomhshaol'. Ar áireamh sna scileanna glasa tá scileanna iniúchta fuinnimh (i gcomhthéacs scileanna faisnéise) agus scileanna a bhaineann le hoiliúint a chur ar bhaill foirne maidir le cláir athchúrsála nó maidir le dramhaíl ghuaiseach (i gcomhthéacs na cumarsáide, an chomhair agus na cruthaitheachta). Ar áireamh in eolas glas tá ábhair shuiteála inbhuanaithe agus caighdeáin astaíochtaí inbhuanaithe (i gcomhthéacs na hinnealtóireachta, na monaraíochta agus na foirgníochta). Féach (le haghaidh na modheolaíochta aicmithe freisin): https://esco.ec.europa.eu/en/about-esco/publications/publication/green-skills-and-knowledge-concepts-labelling-esco.

([15]) Fís nua don Eoraip: https://www.romemanifesto.eu/.

([16]) *Tuarascáil Bhliantúil maidir leis an Margadh Aonair agus an Iomaíochas 2024*.

5.5. **D'fhéadfadh barainneachtaí scála teacht chun cinn, agus dá chionn sin chuirfí feabhas ar iomaíochas na soláthraithe seirbhíse gairmiúla ach comhpháirtíochtaí a spreagadh**. Meastar go mbeidh sé sin thar a bheith tábhachtach i gcomhthéacsanna ina n-oibríonn FBManna, gnólachtaí teaghlaigh agus micrifhiontair, agus ina bhféadfaí bac a chur ar fhorbairt scileanna sonracha de bharr uathoibriú post áirithe. Tá comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí gairmiúla (fostóirí go háirithe) ríthábhachtach i dtaca leis an ngairmoideachas agus an ghairmoiliúint a dhearadh agus a sholáthar. Ba cheart gairmeacha fiontraíochta agus disciplíní ETIM a chur chun cinn freisin i measc daoine óga, agus i measc na mban agus na gcailíní go háirithe. Go ginearálta, ba cheart do lucht ceaptha beartas náisiúnta ar gach leibhéal béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé infheistíochtaí a dhéanamh i ngairmthreoir éifeachtach. D'fhéadfadh uirlisí ar leibhéal an Aontais, amhail creataí oiliúna comhchoiteanna, a bheith an-úsáideach freisin do ghairmeacha agus réimsí áirithe, cuir i gcás an innealtóireacht.

5.6. **Is riachtanach cruth nua a chur ar chúrsaí oiliúna ar an ollscoil atá dírithe ar cháilíochtaí gairmiúla a bhaint amach** chun go ndíreofar tuilleadh ar scileanna gairmiúla i gcláir teagaisc. B'idirdhisciplíní agus b'oscailte na cúrsaí i leith dinimic shóisialta agus i leith dinimic mhargaidh ach gairmithe a thabhairt isteach san obair le hinneachar cúrsaí oiliúna a shainiú. Thairis sin, is gá taighde feidhmeach a chur chun cinn, cuir i gcás trí dhochtúireachtaí tionsclaíocha a thabhairt isteach, d'fhonn próifílí poist ard-speisialaithe a chruthú. D'fhéadfadh sé go dtiocfadh feabhas ar eolas, oideachas agus cáilíochtaí gairmithe óga dá ndéanfaí na cláir oideachais ollscoile ar fud na mBallstát a ailíniú agus a chomhordú ar leibhéal na hEorpa, ar aon dul leis na tionscnaimh ón gCoimisiún Eorpach a cuireadh i láthair i mí an Mhárta 2024 ([17]). B'fhéidir gur mhaith an smaoineamh é Líonra na nOllscoileanna Eorpacha a chur ar bun chuige sin. Ina theannta sin, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar dhaoine faoi mhíchumas agus ar dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta acu ionas nach bhfágfar aon duine ar lár, agus comhionannas deiseanna a áirithiú go háirithe.

6. Aghaidh a thabhairt ar bhearnaí scileanna

6.1. Is dúshlán sistéamach é an t-athmhúnlú scileanna don aistriú glas. Is léir ón bhfianaise ([18]) go bhfuiltear ag dréim leis go mbeidh athsciliú suntasach i gceist leis an aistriú glas, gan beann ar na gnéithe teicneolaíochta de na hearnálacha atá i gceist. Ar an iomlán, baineann sé sin leis an ngá atá ann gairmeacha 'glasa' a shonrú go soiléir agus oideachas a chur ar fáil ar leibhéil éagsúla (e.g. foghlaim acadúil, foghlaim ar an láthair oibre, foghlaim ar feadh an tsaoil) chun bearnaí scileanna a líonadh agus chun iarrachtaí ar uas-scálú a éascú, ar thaobh an tsoláthair (ar leibhéal an Aontais nó comhpháirtíochtaí gairmiúla áitiúla) agus ar thaobh an éilimh (e.g. gnólachtaí beaga, líonraí nó comhpháirtíochtaí réigiúnacha). I gcineálacha áirithe gairmeacha, lena n-áirítear gairmeacha ETIM, meastar go mbeidh gné an chomhionannais inscne an-ábhartha i dtaca le ceapadh beartais. Cruthófar gairmeacha nua san aistriú glas chomh maith, ina measc sin cuntasóirí carbóin, speisialtóirí i ngabháil, úsáid agus stóráil carbóin (CCUS), dlíodóirí aeráide, agus lucht deimhnithe agus iniúchta na gcritéar comhshaoil, sóisialta agus rialachais, agus tuilleadh eile nach iad. Ní mór don earnáil oideachais freagairt don éileamh sin ar oibrithe le haghaidh gairmeacha nua. Chuige sin, ba cheart an earnáil a spreagadh le curaclaim nua a fhorbairt nó na seanchuraclaim a chur in oiriúint don éileamh nua. **Ar an iomlán, ba cheart aghaidh a thabhairt ar ghanntanais scileanna trí bheartais atá ceaptha go sonrach seachas trí réitigh leathana a oireann do chách**.

6.2. Ní mór don Eoraip a bheith tarraingteach agus oscailte do thallann agus do sholáthraithe seirbhísí gairmiúla, ó laistigh dá teorainneacha agus ó thíortha nach tíortha den Aontas Eorpach iad araon. Is féidir leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán maidir le Linn Tallainne ([19]) (chun an chéad ardán comhpháirteach TF a chruthú d'fhostóirí agus do chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha) a bheith ina uirlis mhaith freisin chun soláthraithe seirbhísí gairmiúla a mhealladh ó thíortha nach tíortha den Aontas Eorpach iad. Mar sin féin, agus iarrachtaí ar bun chun freagairt don éileamh méadaitheach ar oibrithe athoilte agus ar scileanna 'nua', ní mór aird a thabhairt ar cháilíocht na hoiliúna agus an oideachais, agus ar athstruchtúrú slabhraí luacha straitéiseacha, i gcomhréir leis an aistriú glas.

6.3. Tá dúshláin eile ag baint leis an aistriú leanúnach, agus d'fhéadfadh saincheisteanna atá ann cheana a bheith i gceist leis sin freisin i gcomhthéacs soláthar seirbhísí gairmiúla. Áirítear leis sin bacainní ar aitheantas cáilíochtaí, ar gá deireadh a chur leo ionas gur féidir leas a bhaint as soghluaisteacht ghairmiúil agus ganntanais scileanna a theorannú ([20]). Déileáiltear leis sin in athbhreithniú 2013 ar an Treoir maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla a Aithint ([21]), agus i dtuarascáil speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le haitheantas do cháilíochtaí gairmiúla (2024) ([22]). **Tugtar chun suntais leis sin saincheisteanna nua nach mór tuilleadh plé a dhéanamh orthu i gcomhthéacs an aistrithe ghlais**.

([17]) Pacáiste na n-ollscoileanna: https://education.ec.europa.eu/news/commission-presents-a-blueprint-for-a-european-degree.
([18]) https://op.europa.eu/ga/publication-detail/-/publication/2f2543c2-c4b5-11ee-95d9-01aa75ed71a1.
([19]) Togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh: https://home-affairs.ec.europa.eu/regulation-establishing-eu-talent-pool_en.
([20]) Aitheasc 2022 ar Staid an Aontais ó Uachtarán an Choimisiúin, Ursula von der Leyen.
([21]) Treoir 2013/55/AE, IO L 354, 28.12.2013, lch. 132, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=OJ:L:2013:354:TOC Directive 2013/55/EU.
([22]) https://www.eca.europa.eu/ECAPublications/SR-2024-10/SR-2024-10_GA.pdf.

7. **Naisc le tuairimí leanúnacha eile**

Forbraíodh an tuairim seo taobh le forbairt thuairim TEN/836 *Easpa oibrithe agus scileanna in earnáil an iompair, i réimse an fhuinnimh, in earnáil an bhonneagair agus san earnáil dhigiteach*. Comhlánaíonn an dá thuairim a chéile, agus é ina sprioc choiteann acu tacú agus rannchuidiú le cur chun feidhme an phlean gníomhaíochta maidir le ganntanais saothair agus scileanna ([23]), sin agus aghaidh a thabhairt ar mhímheaitseálacha scileanna le linn an dá aistriú.

An Bhruiséil, an 4 Nollaig 2024

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE

([23]) *Commission sets out actions to tackle labour and skills shortages* [Leagann an Coimisiún gníomhaíochtaí amach chun dul i ngleic le ganntanais saothair agus scileanna] – Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú – an Coimisiún Eorpach.